



**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

**An tSraith Shóisearach, 2023**

**Aistriúchán  
Ar Scéim Mharcála**

**Matamaitic**

**Gnáthleibhéal**

## **Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

## **Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

## Struchtúr na scéime marcála

Marcálfar freagraí ó iarrthóirí de réir scálaí éagsúla, ag brath ar na cineálacha freagartha a bhfuiltear ag súil leo. Roinneann scálaí lipéadaithe A freagraí iarrthóirí ina dhá chatagóir (ceart agus mícheart). Roinneann scálaí lipéadaithe B freagraí iarrthóirí ina dtrí chatagóir (ceart, ceart i bpáirt, agus mícheart). agus a leithéid. Déantar achoimre sa tábla seo ar na scálaí agus ar na marcanna a ghineann siad:

Lipéad an scála	B	P	D
Líon na gcatagóirí	3	4	5
Scála 5 mharc	0, 2, 5	0, 3, 4, 5	0, 2, 3, 4, 5
Scála 10-mharc	0, 5, 10	0, 3, 7, 10	0, 3, 5, 8, 10
Scála 15-mharc	0, 10, 15	0, 5, 10, 15	0, 4, 8, 12, 15
Scála 20 marc			0, 5, 10, 15, 20

Tugtar tuairisceoir ginearálta ar gach pointe ar gach scála thíos. Tugtar treoracha níos sonraí sa scéim maidir le ciall a bhaint as na scálaí i gcomhthéacs gach ceist, de réir mar is gá.

### Scálaí marcála – tuairiscín leibhéil

#### Scálaí-B (trí chatagóir)

- freagra gan aon fhiúntas substaintiúil (gan chreidiúint)
- freagra ceart i bpáirt (páirtchreidiúint)
- freagra ceart (creidiúint iomlán)

#### Scálaí-C (ceithre chatagóir)

- freagra gan aon fhiúntas substaintiúil (gan chreidiúint)
- freagra le roinnt fiúntais (páirtchreidiúint íseal)
- freagra beagnach ceart (páirtchreidiúint ard)
- freagra ceart (creidiúint iomlán)

#### Scálaí-D (cúig chatagóir)

- freagra gan aon fhiúntas substaintiúil (gan chreidiúint)
- freagra le roinnt fiúntais (páirtchreidiúint íseal)
- freagra thart ar leath-cheart (páirtchreidiúint mheánach)
- freagra beagnach ceart (páirtchreidiúint ard)
- freagra ceart (creidiúint iomlán)

I gcásanna áirithe, lena bhfuil slánú mícheart, aonad in easnamh, míléamh nach ndéanann róshimpliú ar an obair, nó earráid uimhríochta nach ndéanann róshimpliú ar an obair déanta, is féidir marc atá marc amháin níos lú ná an marc creidiúint iomlán a thabhairt. Tugtar *Creidiúint Iomlán –1* ar an leibhéal creidiúna seo. Dá bhrí sin, mar shampla, i Scála 10C, féadfar *Creidiúint Iomlán 1* de 9 marc a thabhairt.

Is iad na marcanna thuas, nó na cinn i *gCreidiúint Iomlán –1* na cinn a fhéadfar a thabhairt.

Ní chuirtear pionós slánaithe i bhfeidhm ach uair amháin i ngach ceist. Ní chuirtear pionós as aonad fágtha ar lár i bhfeidhm ach uair amháin i ngach ceist. Ní chuirtear aon pionós i bhfeidhm má shonraítear sa cheist an t-aonad atá le húsáid sa fhreagra, agus go ginearálta ní bhíonn aon pionós ag dul le haghaidh siombaile euro a fhágtar ar lár i gceisteanna a bhfuil airgead ag baint leo.

Go ginearálta, glac le hobair iarrthóra i gcuid amháin de cheist lena húsáid i gcodanna ina dhiaidh sin den cheist mura róshimplíonn sé sin an obair lena mbaineann.

## Achoimre ar leithdháileadh marcanna agus na scálaí atá le cur i bhfeidhm.

### Ceist 1 (25)

- (a) 15C
- (b) 10D

### Ceist 2 (10)

10C

### Ceist 3 (15)

- (a)(b) 10C
- (c) 5C

### Ceist 4 (20)

- (a) 5B
- (b) 5B
- (c) 5B
- (d)(e) 5D

### Ceist 5 (20)

- (a) 10B
- (b) 5B
- (c) 5C

### Ceist 6 (25)

- (a) 15C
- (b)(c)(d) 10C

### Ceist 7 (20)

- (a)(b) 15B
- (c) 5C

### Ceist 8 (20)

- (a) 5C
- (b) 10C
- (c)(d)(e) 5D

### Ceist 9 (25)

- (a)(b)(c) 15D
- (d) 5C
- (e) 5C

### Ceist 10 (20)

- (a) (b) 20D

### Ceist 11 (10)

10D

### Ceist 12 (20)

- (a) 10B
- (b)(c) 10D

### Ceist 13 (25)

- (a) 10C
- (b) 5C
- (c) 10C

### Ceist 14 (15)

- (a) 10C
- (b) (c) 5D

## Pailéad na nótaí atá ar fáil do scrúdaitheoirí

Siombail	Ainm	An chiall i gcorp na hoibre	An chiall nuair a úsáidtear ar an imeall deis
	Tic	Obair atá bainteach	Tuilleann an obair i gcorp na scrípte creidiúint iomlán
	Cros	Obair mhícheart (murab ionann agus earráid)	Ní thuilleann an obair i gcorp na scrípte aon chreidiúint
	Réalta	Earráid Shlánaithe / Aonaid / Uimhríochta Míléamh	
	Corrach cothrománach	Earráid	
	<b>I</b>		Tuilleann an obair i gcorp na scrípte páirtchreidiúint ar scálaí B
	<b>L</b>		Tuilleann an obair i gcorp na scrípte páirtchreidiúint íseal
	<b>M</b>		Tuilleann an obair i gcorp na scrípte páirtchreidiúint mheánach
	<b>D</b>		Tuilleann an obair i gcorp na scrípte páirtchreidiúint ard
	Réalta <b>F</b>		Tuilleann an obair i gcorp na scrípte Creidiúint Iomlán (- 1)
	Lúbín ar chlé		Tá leagan eile den réiteach seo léirithe in áit eile agus tuilleann sé creidiúint chéanna nó creidiúint níos airde.
	Corrach ceartingearach	Níl aon obair ar an leathanach seo (ná ar chuid den leathanach seo)	
	Róshimpliú	Rinne an t-iarrthóir róshimpliú ar an obair	
OLGF		Tá obair lena ngabhann tuillteanais léirithe ag an iarrthóir	

## Nótaí marcála mionsonraithe

### Réitigh Sampla & Nótaí Marcála

**Nóta:** Ní cheaptar go mbeidh na réitigh samplacha do gach ceist uileghabhálach- is féidir réitigh chearta eile a bheith ann. Ba chóir do Scrúdaitheoir ar bith nach bhfuil cinnte faoin mbailíocht modha atá déanta ag iarrthóir áirithe le ceist áirithe teagmháil a dhéanamh lena Scrúdaitheoir Comhairleach.

C1	Réiteach Sampla – 25 Marc	Nótaí Marcála
(a)	<p>(i) 491</p> <p>(ii) 23·8</p> <p>(iii) <math>16 \times 3 = 48</math></p>	<p><b>Scála 15C (0, 5, 10, 15)</b></p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Cuid oibre lena ngabhann fiúntas</li> <li>• 1 chuid ceart</li> </ul> <p><i>Páirtchreidiúint Ard:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• 2 chuid ceart</li> </ul>
(b)	<p><math>3 \times 1.27 = 3.81</math></p> <p><math>4 \times 1.10 = 4.40</math></p> <p><math>0.5 \times 12 = 6</math></p> <p>lomlán = 14.21</p>	<p><b>Scála 10D (0, 3, 5, 8, 10)</b></p> <p>Glac le freagraí nach bhfuil aonad ar bith iontu nó a bhfuil aonad mícheart iontu.</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Obair lena ngabhann fiúntas, mar shampla, tiontaítear 500 gram go kg.</li> <li>• Tá 1 chuid den chéad 2 chuid ceart</li> </ul> <p><i>Páirtchreidiúint Mheánach:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• An chéad 2 chuid ceart</li> <li>• Costas an liamháis ceart</li> </ul> <p><i>Páirtchreidiúint Ard:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Tá 3 chuid ceart</li> <li>• Tá an costas liamháis agus cuid <b>amháin</b> eile ceart</li> <li>• Bainne agus scónaí ceart agus suimiú i gceart</li> </ul> <p><i>Creidiúint lomlán -1</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Suimiú mícheart</li> </ul>

C2	Réiteach Sampla – 10 Marc	Nótaí Marcála
	<p>Aon réiteach bailí, mar shampla, go físiúil (trí líon na málaí agus na mirlíní meaitseála a lascainiú), tástáil agus feabhas, nó úsáid a bhaint as ailgéabar. Mar shampla:</p> $2b + 4 = b + 10$ $b = 6$	<p><b>Scála 10C (0, 3, 7, 10)</b></p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Obair lena ngabhann fiúntas, mar shampla, iarracht éigin le tástáil agus feabhas</li> <li>• Roinnt nodaireachta ar an léaráid</li> </ul> <p><i>Páirtchreidiúint Ard:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Cuirtear an chothromóid cheart ar bun</li> </ul>

C3	Réiteach Sampla – 15 Mharc	Nótaí Marcála
(a) & (b)	<p>(a) <math>C \cap I = 20</math> ar léaráid Venn  <math>I \setminus C = 41 - 20 = 21</math> ar léaráid Venn</p> <p>(b) 55</p>	<p><b>Scála 10C (0, 3, 7, 10)</b></p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Obair lena ngabhann fiúntas, mar shampla, iontráil amháin i gceart i léaráid Venn</li> <li>• Ríomh ábhartha, mar shampla, <math>75 - 20 = 55</math></li> </ul> <p><i>Páirtchreidiúint Ard:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• 2 luach i léaráid Venn</li> <li>• (b) ceart agus obair lena ngabhann fiúntas in (a)</li> </ul>
(c)	<p>Ní maith le 80 mac léinn bia Síneach nó <i>cosúil leis sin</i>.</p>	<p><b>Scála 5C (0, 3, 4, 5)</b></p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Comhpháirt amháin ceart, mar shampla, tagairt don Bunuimhir, ‘líon/méid na daoine’</li> </ul> <p><i>Páirtchreidiúint ard:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Mínítear cuid den ráiteas i gcomhthéacs, mar shampla: “Na daoine nach maith leo bia Síneach” nó “80 duine”</li> </ul>

C4	Réiteach Sampla – 20 Marc	Nótaí Marcála
(a)	3 [cm]	<p><b>Scála 5B (0, 2, 5)</b> Glac le lamháltas <math>\pm 0.2</math> cm</p> <p><i>Páirtchreidiúint:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Roinnt oibre lena ngabhann fiúntas, mar shampla, tomhaistear fad fiarthrasnáin nó tomhaistear airde ingearach an heicseagáin</li> </ul> <p><i>Creidiúint Iomlán -1</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Freagra tugtha in mm</li> </ul>
(b)	$6 \times 3 = 18$ [cm]	<p><b>Scála 5B (0, 2, 5)</b> Glac le freagra ó (a)</p> <p><i>Páirtchreidiúint:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Roinnt oibre lena ngabhann fiúntas, mar shampla, suimítear faid an 2 thaobh,</li> <li>Faightear toradh na 6 thaobh</li> </ul>
(c)	$18 \times 2 = 36$ [m]	<p><b>Scála 5B (0, 2, 5)</b></p> <p><i>Páirtchreidiúint:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Roinntear an imlíne faoi 2 chun an imlíne iarbhír a fháil</li> </ul>
(d) & (e)	<p>(d) <math>560 \times 0.75 = 420</math></p> <p>(e) <math>\frac{90-80}{80} \times 100 = 12.5\%</math></p>	<p><b>Scála 5D (0, 2, 3, 4, 5)</b></p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Tiontaítear 75% go deachúil</li> <li>Ríomhtar an méadú ar líon na mac léinn</li> <li><math>560 \times 75</math></li> </ul> <p><i>Páirtchreidiúint Mheánach:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Obair lena ngabhann fiúntas sa dá pháirt</li> </ul> <p><i>Páirtchreidiúint Ard:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>1 chuid ceart</li> </ul> <p><i>Creidiúint Iomlán -1</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Méadú scríofa mar chéatadán de líon na mac léinn in 2020</li> </ul>

C5	Réiteach Sampla – 20 Marc	Nótaí Marcála						
(a)	<p>(i) 21%</p> <p>(ii) Twitter</p>	<p><b>Scála 10B (0, 5, 10)</b></p> <p><i>Páirtchreidiúint:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>(a)(i) nó (a)(ii) ceart</li> </ul>						
(b)	<p><i>Léaráid líonta isteach mar is gceart:</i></p> <p>WhatsApp:</p> <table style="width: 100%; text-align: center;"> <tr> <td style="width: 33%;">Roinnt uaireanta i rith an lae</td> <td style="width: 33%;">Thart ar uair amháin in aghaidh an lae</td> <td style="width: 33%;">Ní chomh minic sin</td> </tr> <tr> <td style="background-color: #4a7c59; color: white;">60%</td> <td style="background-color: #90c18e;">20%</td> <td style="background-color: #d9ead3;">20%</td> </tr> </table>	Roinnt uaireanta i rith an lae	Thart ar uair amháin in aghaidh an lae	Ní chomh minic sin	60%	20%	20%	<p><b>Scála 5B (0, 2, 5)</b></p> <p>Glac le freagraí idir <b>51%</b> agus <b>74%</b> le haghaidh ‘Roinnt uaireanta sa lá’ agus an dá chuid eile cothrom.</p> <p><i>Páirtchreidiúint:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Obair lena ngabhann fiúntas, mar shampla, ‘Thart ar uair amháin sa tseachtain’ agus ‘Ní chomh minic’ codanna cothrom</li> </ul>
Roinnt uaireanta i rith an lae	Thart ar uair amháin in aghaidh an lae	Ní chomh minic sin						
60%	20%	20%						
(c)	<p>Freagra: A</p> <p>Cúis: Íocann sé ag tús gach míosa, mar sin téann sé suas i gcéimeanna</p> <p style="text-align: center;"><b>NÓ</b></p> <p>Ní íocann sé go leanúnach i rith na míosa</p> <p><i>Nó aon chúis bhailí ar bith eile.</i></p>	<p><b>Scála 5C (0, 3, 4, 5)</b></p> <p><i>Páirtchreidiúint íseal:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Obair lena ngabhann fiúntas, déantar tagairt do ‘céimeanna’, ‘sosanna’, ‘go</li> </ul> <p><i>Páirtchreidiúint ard:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Freagra ceart, ‘A’</li> </ul>						

C6	Réiteach Sampla – 25 Marc	Nótaí Marcála																		
(a)	<table style="width: 100%; border-collapse: collapse;"> <tr> <td style="width: 33%; text-align: center;">1A</td> <td style="width: 33%; text-align: center;">1B</td> <td style="width: 33%; text-align: center;">1C</td> </tr> <tr> <td style="text-align: center;">2A</td> <td style="text-align: center;">2B</td> <td style="text-align: center;">2C</td> </tr> <tr> <td style="text-align: center;">3A</td> <td style="text-align: center;">3B</td> <td style="text-align: center;">3C</td> </tr> <tr> <td style="text-align: center;">4A</td> <td style="text-align: center;">4B</td> <td style="text-align: center;">4C</td> </tr> <tr> <td style="text-align: center;">5A</td> <td style="text-align: center;">5B</td> <td style="text-align: center;">5C</td> </tr> <tr> <td style="text-align: center;">6A</td> <td style="text-align: center;">6B</td> <td style="text-align: center;">6C</td> </tr> </table>	1A	1B	1C	2A	2B	2C	3A	3B	3C	4A	4B	4C	5A	5B	5C	6A	6B	6C	<p><b>Scála 15C (0, 5, 10, 15)</b></p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Iontráil amháin i gceart i suíomh ar bith</li> <li>• Obair lena ngabhann fiúntas</li> </ul> <p><i>Páirtchreidiúint Ard:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• 10 n-iontráil chearta</li> </ul> <p><i>Creidiúint Iomlán –1:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• 14 iontráil chearta</li> </ul>
1A	1B	1C																		
2A	2B	2C																		
3A	3B	3C																		
4A	4B	4C																		
5A	5B	5C																		
6A	6B	6C																		
(b), (c) & (d)	<p>(b) 18</p> <p>(c) 2B, 4B, 6B</p> <p>(d) <math>\frac{3}{18}</math> nó <math>\frac{1}{6}</math></p>	<p><b>Scála 10C (0, 3, 7, 10)</b></p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• 1 chuid ceart</li> <li>• Obair lena ngabhann fiúntas in aon pháirt</li> </ul> <p><i>Páirtchreidiúint Ard:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Tá 2 chuid ceart</li> <li>• Tá 1 chuid ceart agus tá obair lena ngabhann fiúntas sa 2 chuid eile</li> </ul> <p><i>Creidiúint Iomlán –1:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Ní áirítear luachanna tugtha (i.e. úsáidtear 15 thoradh féideartha san iomlán), ceart seachas sin</li> </ul>																		

C7	Réiteach Sampla – 20 Marc	Nótaí Marcála
(a) & (b)	<p>(a) 3</p> <p>(b) Aon teaglam de 5 litir. Ní gá gur focal so-aitheanta é, mar shampla, “Ghotí”</p>	<p><b>Scála 15B (0, 10, 15)</b></p> <p><i>Páirtchreidiúint:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Cuid amháin i gceart</li> </ul>
(c)	$5 - 3 \times 3 + 2 \times 5^2 = 46$	<p><b>Scála 5C (0, 3, 4, 5)</b></p> <p><i>Páirtchreidiúint íseal:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Aon ionadaíocht cheart</li> </ul> <p><i>Páirtchreidiúint Ard:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• 2 nó 3 ionadaí cearta</li> </ul>



C8	Réiteach Sampla – 20 Marc	Nótaí Marcála
(a)	$\frac{58 + 60}{2} = 59[^\circ]$	<p><b>Scála 5C (0, 3, 4, 5)</b></p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Ráiteas ábhartha, mar shampla, “is é an uimhir sa lár”</li> </ul> <p><i>Páirtchreidiúint Ard:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Rangaítear na tomhais in ord méadaitheach</li> <li>Aithnítear 58 nó 60</li> <li>Faightear an meán nó an mód</li> </ul>
(b)	<p>Freagra: difriúil</p> <p>Cúis: Is é an mód an uimhir is minice, mar sin beidh an meán níos lú.</p> <p style="text-align: center;"><b>NÓ</b></p> <p>Mód = 63°, meán = 59.25°</p> <p style="text-align: center;"><i>Nó aon chúis bhailí ar bith eile</i></p>	<p><b>Scála 10C (0, 3, 7, 10)</b></p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Scríobhtar síos an mód</li> <li>Faightear suim na dtomhas</li> <li>Roinntear suim mhícheart faoi 12</li> <li>Freagra ceart</li> </ul> <p><i>Páirtchreidiúint Ard:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Freagra ceart, agus roinnt oibre lena ngabhann fiúntas</li> </ul> <p><i>Creidiúint Iomlán -1</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Freagra mícheart, ach faightear an meán agus an mód</li> </ul>
(c), (d) & (e)	<p>(c) <math>\frac{x}{4}</math></p> <p>(d) 1.539 ... = 1.54 [go dtí 2 ionad dheachúlacha]</p> <p>(e) 6.16 + 1.42 = 7.58 [m]</p>	<p><b>Scála 5D (0, 2, 3, 4, 5)</b></p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Roinnt oibre lena ngabhann fiúntas, aithnítear na taobhanna urchomhaireacha nó cóngaracha</li> <li>Aimsítear sin 57<sup>0</sup> nó cos 57<sup>0</sup></li> </ul> <p><i>Páirtchreidiúint Mheánach:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>1 chuid i gceart agus obair lena ngabhann fiúntas i gcuid eile</li> <li>Obair lena ngabhann fiúntas sa 3 pháirt</li> </ul> <p><i>Páirtchreidiúint Ard:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Tá 2 chuid ceart</li> <li>Tá 1 chuid ceart agus tá obair lena ngabhann fiúntas sa 2 chuid eile</li> </ul> <p><i>Creidiúint Iomlán -1</i></p>


C8	Réiteach Sampla – 20 Marc	Nótaí Marcála
		<ul style="list-style-type: none"><li data-bbox="938 215 1409 286">• Áireamhán i mód raide nó gráid, ach ceart seachas sin</li></ul>

C9	Réiteach Sampla – 25 Marc	Nótaí Marcála
(a), (b) & (c)	<p><b>Glac leis an mírlíne AB</b></p> <p>(a) Líne tarraingthe ó (0, 3) go (6, 7)</p> <p>(b) 6</p> <p>(c) Luachanna cearta líonta isteach i dtábla (5 agus 9, faoi seach), agus obair thacaíochta ar an léaráid.</p>	<p><b>Scála 15D (0, 4, 8, 12, 15)</b></p> <p>Caith leis mar go bhfuil 4 chéim ag teastáil: (a), (b), agus dhá luach in (c).</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Obair lena ngabhann fiúntas</li> </ul> <p><i>Páirtchreidiúint Mheánach:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Tá 2 chuid ceart</li> <li>• 1 chuid i gceart agus obair lena ngabhann fiúntas in 2 chuid</li> </ul> <p><i>Páirtchreidiúint Ard:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Tá 3 chuid ceart</li> <li>• 2 chuid ceart agus obair lena ngabhann fiúntas in 2 pháirt</li> </ul> <p><i>Creidiúint Iomlán -1:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Gach rud ceart, ach gan aon obair thacaíochta ar an ngraf do (c)</li> </ul>
(d)	<p>Gach mí, méadaíonn meánmheáchan na leanaí faoi <math>\frac{2}{3}</math> kg</p> <p><i>Nó aon mhíniú bailí ar bith eile</i></p>	<p><b>Scála 5C (0, 3, 4, 5)</b></p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• luann comhpháirt amháin, mar shampla, 'mí'</li> </ul> <p><i>Páirtchreidiúint Ard:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• luaitear dhá chomhpháirt, mar shampla, 'méaduithe meáchain faoi <math>\frac{2}{3}</math> kg'</li> </ul>
(e)	$y = \frac{2}{3}(18) + 3 = 12 + 3 = 15 \text{ kg}$	<p><b>Scála 5C (0, 3, 4, 5)</b></p> <p><i>Páirtchreidiúint íseal:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• aon ionadú ar <math>x</math> sa chothromóid a thugtar</li> </ul> <p><i>Páirtchreidiúint Ard:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Ionadaíocht cheart 18 do <math>x</math></li> <li>• Suimiú 3 sa mheastóireacht</li> </ul> <p><i>Creidiúint Iomlán -1</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Gach rud ceart ach tá an t-aonad fágtha ar lár nó tá sé mícheart</li> </ul>

C.10	Réiteach Sampla – 20 Mharc	Nótaí Marcála
(a) & (b)	<p>(a)  <math>V = \pi(4)^2(11) = \pi(16)(11) = 176\pi \text{ [cm}^3\text{]}</math></p> <p>(b)  <math>4 + 21 = 25</math></p> <p><math>\frac{4}{25} \times 450 = 72 \text{ [g]}</math></p>	<p><b>Scála 20D (0, 5, 10, 15, 20)</b></p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Obair lena ngabhann fiúntas i bpáirt amháin a fháil</li> </ul> <p><i>Páirtchreidiúint Mheánach:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Ionadaí amháin i gceart in (a)</li> </ul> <p><i>Páirtchreidiúint Ard:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• (a) nó (b) i gceart</li> </ul> <p><i>Creidiúint Iomlán –1:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Freagra 176, is é sin, fágтар <math>\pi</math> ar lár</li> <li>• Faightear graim iógairt, is é sin, 378</li> </ul>

C11	Réiteach Sampla – 10 Marc	Nótaí Marcála
	<p>Graf ceart tarraingthe, is é sin, na teochtaí seo a leanas ar gach líne ghreille ingearach, ceangailte le línte díreacha: 10, 7·5, 7·5, 15, 15, 15, 10.</p>	<p><b>Scála 10D (0, 3, 5, 8, 10)</b></p> <p>Lamhálas: do 7·5, ceadaiigh aon luach idir 5 agus 10. Ceadaiigh ceangal saorlámhe réasúnta pointí.</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Roinnt oibre lena ngabhann fiúntas mar shampla, pointe ceart amháin ríofa</li> </ul> <p><i>Páirtchreidiúint Mheánach:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Tá dhá phointe ar a laghad ceart</li> </ul> <p><i>Páirtchreidiúint Ard:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Obair lena ngabhann fiúntas substainteach, mar shampla, ríomhadh na teochtaí go léir, ach ní siad breactha i gceart</li> <li>• 4 nó 5 phointe ceart</li> </ul> <p><i>Creidiúint Iomlán –1:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Pointe amháin mícheart, ceart seachas sin</li> <li>• Tá gach pointe breactha i gceart ach níor ceanglaíodh iad nó ceanglaíodh go mícheart iad</li> </ul>

C12	Réiteach Sampla – 20 Marc	Nótaí Marcála
(a)		<p><b>Scála 10B (0, 5, 10)</b></p> <p><i>Páirtchreidiúint:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• 1 luach i gceart</li> </ul> <p><i>Creidiúint lomlán -1:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• 3 luach i gceart</li> </ul>
(b) & (c)	<p>(b)</p>  <p>(c) <math>x = 2</math> agus obair thacaíochta éigin, mar shampla, Mar shampla:  <math>x - 4 = -2</math>  <math>x = 4 - 2 = 2</math></p>	<p><b>Scála 10D (0, 3, 5, 8, 10)</b></p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Roinnt oibre lena ngabhann fiúntas, mar shampla, bosca amháin i gceart</li> </ul> <p><i>Páirtchreidiúint Mheánach:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• 3 bhosca chearta in (b)</li> <li>• (c) ceart</li> <li>• Obair lena ngabhann fiúntas sa dá pháirt</li> </ul> <p><i>Páirtchreidiúint Ard:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• (b) ceart</li> <li>• (c) ceart agus obair lena ngabhann fiúntas in (b)</li> </ul>

C13	Réiteach Sampla – 25 Marc	Nótaí Marcála
(a)	$x^2 = 5^2 + 12^2$ $x^2 = 25 + 144$ $= 169$ $x = \sqrt{169}$ $= 13$	<p><b>Scála 10C (0, 3, 7, 10)</b></p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Léirítear cearnú aon téarma ábhartha</li> <li>• Teirim Phíotágaráis luaite mar is gceart</li> <li>• Aimsítear <math>144 - 25 = 119</math></li> </ul> <p><i>Páirtchreidiúint Ard:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Freagra ceart gan obair</li> <li>• Tá na téarmaí cearnaithe i gceart sa teirim cheart</li> <li>• Réitíonn sé <math>x^2 = 119</math>, i.e., <math>x = \sqrt{119} = 10.90 \dots</math></li> </ul>
(b)	<p>Tá an íomhá cheart tarraingthe:</p> 	<p><b>Scála 5C (0, 3, 4, 5)</b></p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Cuid oibre lena ngabhann Fiúntas</li> </ul> <p><i>Páirtchreidiúint Ard:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Méid agus treoshuíomh ceart, ach suíomh mícheart</li> <li>• Déantar claochlú seachas an ceann sonraithe (mar shampla, siméadracht aiseach, rothlú, siméadracht lárnach i bpointe difriúil)</li> <li>• Triantán mícheart, ina bhfuil slios amháin ceart (méid agus suíomh), agus cuid den dara slios ceart (méid agus suíomh).</li> </ul>
(c)	<p>(i) <math>B = 180 - (27 + 60)</math> <math>B = 93^\circ</math></p> <p>(ii) Ní triantán dronuilleach é Nó míniú bailí eile</p>	<p><b>Scála 10C (0, 3, 7, 10)</b></p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Cuid oibre lena ngabhann Fiúntas</li> </ul> <p><i>Páirtchreidiúint Ard:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• (i) ceart</li> <li>• (ii) ceart agus obair lena ngabhann fiúntas in (i)</li> </ul>

C14	Réiteach Sampla – 15 Mharc	Nótaí Marcála
(a)	<p>(i) <math>3x - 2</math></p> <p>(ii) <math>2x</math></p> <p>(iii) <math>3(x + 2)</math></p>	<p><b>Scála 10C (0, 3, 7, 10)</b></p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Obair lena ngabhann fiúntas i gcuid amháin, mar shampla, léirítear <math>3x</math> nó <math>-2</math> in (i)</li> <li>• 1 chuid ceart</li> </ul> <p><i>Páirtchreidiúint Ard:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Tá 2 chuid ceart</li> </ul>
(b) & (c)	<p>(b)</p> $3x(2x - 3) - 2(2x - 3)$ $= 6x^2 - 9x - 4x + 6$ $= 6x^2 - 13x + 6$ <p>(c)</p> $x^2 + 2x - 15 = (x + 5)(x - 3)$	<p><b>Scála 5D (0, 2, 3, 4, 5)</b></p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Roinnt oibre lena mbaineann fiúntas i gcuid 1, mar shampla, cuirtear ar bun iolrú (lena n-áirítear 2 shaighead) nó aon iolrú ceart in (b), nó aimsítear fachtóirí de <math>x^2</math> nó <math>\pm 15</math> in (c)</li> </ul> <p><i>Páirtchreidiúint Mheánach</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Obair lena ngabhann fiúntas sa dá pháirt</li> </ul> <p><i>Páirtchreidiúint Ard</i></p> <p>1 chuid go hiomlán ceart</p>